Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Deireadh Fómhair 2025
(OR. en)

13242/25

LIMITE

CORLX 921
CFSP/PESC 1377
RELEX 1222
COEST 706
FIN 1115

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 8a(1) de Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise i bhfogha na Rúise faoin Úcráin |

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 8a(1) de Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise i bhfogha na Rúise faoin Úcráin**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 ón gComhairle an 18 Bealtaine 2006 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise i bhfogha na Rúise faoin Úcráin[1], agus go háirithe Airteagal 8a(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

[1] IO L 134, 20.5.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/765/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 18 Bealtaine 2006, ghlac an Chomhairle Rialachán (CE) Uimh. 765/2006.

(2) I bhfianaise a thromchúisí atá an staid sa Bhealarúis, ba cheart 2 dhuine nádúrtha agus 3 dhuine dhlítheanacha a áireamh ar liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i/in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC

## IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 mar a leanas:

(1) cuirtear na daoine nádúrtha seo a leanas leis an liosta a leagtar amach sa roinn 'A. Daoine nádúrtha dá dtagraítear in Airteagal 2(1)':

| | Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise) | Ainmneacha (An litriú Bealarúisise) (An litriú Rúisise) | Faisnéis Aitheantais | Na cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| '313. | Ilya Valerievich IKAN | Ілля Валер'евіч ІКАН<br>Илья Валерьевич ИКАН | Feidhm: Cathaoirleach Belneftekhim, Comhalta de Chomhairle Thionól Náisiúnta Phoblacht na Bealarúise<br>Dáta breithe: 10.1.1981<br>Áit bhreithe: Pchelnik, Borisov District, Réigiún Mhionsc/Oblast, APSS roimhe seo (an Bhealarúis anois) | Is é Ilya Ikan an Cathaoirleach ar Belarusian State Concern for Oil and Chemistry (Belneftekhim).<br>Tá Belneftekhim ar cheann de na coimpléisc thionsclaíocha is mó i bPoblacht na Bealarúise agus tá sé comhdhéanta d'iliomad cuideachtaí eile faoi úinéireacht stáit a bunaíodh in 1997. Measann Aliaksandr Lukashenka go bhfuil Belneftekhim ar cheann de na gnóthais is tábhachtaí agus is straitéisí sa Bhealarúis. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin cur chun feidhme seo.



PUBLIC

| | Ainmneacha<br>(Traslitriú an litrithe Bealarúisise)<br>(Traslitriú an litrithe Rúisise) | Ainmneacha<br>(An litriú Bealarúisise)<br>(An litriú Rúisise) | Faisnéis Aitheantais | Na cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Náisiúntacht: Bealarúiseach<br>Inscne: fireann<br>Eintitis chomhlachaithe: Belneftekhim | Go háirithe, is sócmhainn bhunúsach é Belneftekhim do gheilleagar agus do bheartas eachtrach na Bealarúise, go háirithe i ndáil leis an gcomhar idir an Rúis agus an Bhealarúis maidir le cómhargadh ola a fhorbairt. Bíonn comhairliúcháin rialta ann idir an gnóthas agus an tUachtarán Lukashenka. Baineann Belneftekhim tairbhe as an tacaíocht arna tabhairt ag réimeas Lukashenka, go háirithe i bhfianaise éifeachtaí na smachtbhannaí. Tá Belneftekhim, dá bhrí sin, ag baint tairbhe as réimeas Lukashenka agus ag tacú leis.<br>Ina cháil mar Chathaoirleach Belneftekhim, tá Ilya Ikan ag baint tairbhe as réimeas Lukashenka agus ag tacú leis. | |

PUBLIC

| | Ainmneacha<br>(Traslitriú an litrithe Bealarúisise)<br>(Traslitriú an litrithe Rúisise) | Ainmneacha<br>(An litriú Bealarúisise)<br>(An litriú Rúisise) | Faisnéis Aitheantais | Na cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| 314. | Yuri Ivanovich PREDKO<br>ar a dtugtar freisin Yuriy Ivanovich PREDKO | Юрий Иванович ПРЕДКО | Feidhm: Stiúrthóir Ginearálta OJSC Horizont<br>Dáta breithe: 1964<br>Áit bhreithe: an Bhealarúis<br>Náisiúntacht: Bealarúiseach<br>Inscne: fireann<br>Eintitis chomhlachaithe: Horizont Holding,<br>ICT Horizont | Is é Yuri Predko bainisteoir ginearálta OJSC ‘Management Company of the Holding Horizont’, atá ar cheann de na monaróirí is mó de leictreonaic do thomhaltóirí agus d’fhearais tí i bPoblacht na Bealarúise. Is é cuideachta bainistíochta Horizont Holding é.<br>Tá Horizont Holding ar cheann de na gabháltais éagsúlaithe is mó agus is forbartha go dinimiciúil i bPoblacht na Bealarúise, agus gabhann raon leathan réimsí gnó leis. Tá gníomhaíochtaí Horizont Holding á gcur chun feidhme de réir threoracha Aliaksandr Lukashenka. | [+]’; |

PUBLIC

[+] IO: cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin cur chun feidhme seo.

| | Ainmneacha<br>(Traslitriú an litrithe Bealarúisise)<br>(Traslitriú an litrithe Rúisise) | Ainmneacha<br>(An litriú Bealarúisise)<br>(An litriú Rúisise) | Faisnéis Aitheantais | Na cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Tá ICT Horizont, ar cuid de Horizont Holding é, ar cheann de na heintitis atá ar thús cadhnaíochta ó thaobh fhorbairt agus tháirgeadh leictreonaice speisialta i bPoblacht na Bealarúise. Forbraíonn agus táirgeann an chuideachta earraí speisialta agus earraí dé-úsáide, mar shampla gléasanna físamhairc le haghaidh feithiclí armúrtha. Oibríonn ICT Horizont i gcomhar le hAireacht Cosanta Phoblacht na Bealarúise chun samhlacha trealaimh raoin oiliúna a chruthú agus a nuachóiriú i gcomhréir leis na ceanglais a bhaineann le hoiliúint a chur ar fhoirmíochtaí agus ar aonaid mhíleata de chuid na bhFórsaí Armtha. | |

PUBLIC

| | Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise) | Ainmneacha (An litriú Bealarúisise) (An litriú Rúisise) | Faisnéis Aitheantais | Na cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Ina theannta sin, glacann ICT Horizont páirt i gclár eolaíoch-teicniúil 'Intelavto' Stát Aontais na Rúise agus na Bealarúise. D'fhormheas Comhairle Airí Phoblacht na Bealarúise an clár.<br>Dá bhrí sin, tá baint ag Yuri Predko le heintitis ar cuid de choimpléasc míleata-tionsclaíoch na Bealarúise iad trí bheith rannpháirteach i bhforbairt teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata. | |

PUBLIC

(2) cuirtear na hiontrálacha seo a leanas leis an liosta a leagtar amach sa Roinn 'B. Daoine dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2(1)':

PUBLIC

| | Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise) | Ainmneacha (An litriú Bealarúisise) (An litriú Rúisise) | Faisnéis Aitheantais | Na cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| '56. | JSC Holography Industry<br>ZAT Galagrafichnaya Industryya<br>ZAO Gologracheskaya Industriya | Закрытае акцыянернае таварыства 'ГАЛАГРАФІЧНАЯ ІНДУСТРЫЯ'<br>Закрытое акционерное общество 'ГОЛОГРАФИЧЕСКАЯ ИНДУСТРИЯ' | Seoladh: Kalinina 12, Mionsc, an Bhealarúis<br>Uimhir chlárúcháin: 101482057<br>Dáta clárúcháin: 7.5.1998<br>Teileafón: +375 266 01 31, +375 266 34 17<br>Ríomhphost: info@holography.by<br>Suíomh gréasáin: www.holography.by | Is é JSC Holography Industry an táirgeoir is mó de holagraim chosanta agus criostalghraim sa Bhealarúis. Faoi reachtaíocht na Bealarúise, cuirtear greamáin chosanta holagrafacha ar stampaí máil, lena n-áirítear stampaí máil ar dheochanna alcólacha, ar raon leathan earraí tomhaltais, ar chláir airgid agus ar mheaisíní sliotáin. Leis sin bíonn éileamh mór ar tháirgí JSC Holography Industry. | + |

\+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin cur chun feidhme seo.

| | Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise) | Ainmneacha (An litriú Bealarúisise) (An litriú Rúisise) | Faisnéis Aitheantais | Na cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Tá dlúthchaidreamh oibre ag JSC Holography Industry le heintitis stáit, ar scairshealbhóirí iad cuid acu. Is ann don dlúthchaidreamh sin de bharr gur bhronn iar-chomhpháirtí gnó bunaidh na cuideachta scaireanna ar an stát. I gcomaoin air sin, rinne an stát orduithe leis an gcuideachta.<br><br>Dá bhrí sin, tá JSC Holography Industry ag baint tairbhe as réimeas Lukashenka. | |

PUBLIC

| | Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise) | Ainmneacha (An litriú Bealarúisise) (An litriú Rúisise) | Faisnéis Aitheantais | Na cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| 57. | ICT Horizont<br>ar a dtugtar freisin Research Unitary Enterprise 'INSTITUTE OF DIGITAL TELEVISION HORIZONT'<br>ar a dtugtar freisin DIGITAL TELEVISION INSTITUTE HORIZONT<br>ar a dtugtar freisin UE 'Institute of Digital Television Horizon'<br>ar a dtugtar freisin Chelyabinsk Institute of Digital television 'Horizont' | Навукова-даследчае ўнітарнае прадпрыемства "ІНСТЫТУТ ЛІЧБАВАГА ТЭЛЕБАЧАННЯ ГАРЫЗОНТ"<br>ar a dtugtar freisin Унітарнае прадпрыемства 'ІЛТ ГАРЫЗОНТ'<br>Унитарное предприятие "ИЦТ ГОРИЗОНТ"<br>ar a dtugtar freisin Научно-исследовательское унитарное предприятие 'ИНСТИТУТ ЦИФРОВОГО ТЕЛЕВИДЕНИЯ ГОРИЗОНТ' | Seoladh: Kuibysheva 35-1, Mionsc, 220029, an Bhealarúis<br>An cineál eintitis: cuideachta faoi úinéireacht stáit<br>Uimhir chlárúcháin: 100085149<br>OKPO: 37406850<br>Dáta clárúcháin: 26.11.1991<br>Áit chlárúcháin: an Bhealarúis<br>Teileafón: 8 740 740 91 00, +375 740 740 91 00<br>Facs: +375 17 288 11 82<br>Ríomhphost: office@horizont-rnd.by, ict@dtv.horizont.by<br>Suíomh gréasáin: https://h-rnd.by/ | Is cuideachta Bhealarúiseach é ICT Horizont, agus tá sé ar cheann de na hionaid ardteicneolaíochta is nua-aimseartha sa tír. Tá ICT Horizont ar cheann de na heintitis atá ar thús cadhnaíochta ó thaobh fhorbairt agus tháirgeadh leictreonaice speisialta i bPoblacht na Bealarúise.<br>Forbraíonn agus táirgeann an chuideachta earraí speisialta agus earraí dé-úsáide, mar shampla gléasanna físamhairc le haghaidh feithiclí armúrtha. Oibríonn ICT Horizont i gcomhar le hAireacht Cosanta Phoblacht na Bealarúise chun trealamh raoin a chruthú agus a nuachóiriú, i gcomhréir le ceanglais na bhFórsaí Armtha. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin cur chun feidhme seo.

PUBLIC

| | Ainmneacha<br>(Traslitriú an litrithe Bealarúisise)<br>(Traslitriú an litrithe Rúisise) | Ainmneacha<br>(An litriú Bealarúisise)<br>(An litriú Rúisise) | Faisnéis Aitheantais | Na cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Ina theannta sin, glacann ICT Horizont páirt sa chlár eolaíoch-teicniúil 'Intelavto', clár darb aidhm comhpháirteanna agus córais ardteicneolaíochta dhigiteacha agus leictreonacha a chruthú le haghaidh feithiclí iompair speisialta agus dé-úsáide. D'fhormheas Comhairle Airí Phoblacht na Bealarúise an clár.<br>Dá bhrí sin, is cuid de choimpléasc míleata-tionsclaíoch na Bealarúise é ICT Horizont trí bheith rannpháirteach i bhforbairt teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata. | |

PUBLIC

| | Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise) | Ainmneacha (An litriú Bealarúisise) (An litriú Rúisise) | Faisnéis Aitheantais | Na cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| 58. | Horizont Holding<br><br>ar a dtugtar freisin Horizon Holding<br><br>ar a dtugtar freisin OJSC N Holding<br><br>ar a dtugtar freisin The Horizon Group of Companies | Холдынга 'Гарызонт'<br><br>Холдинг "Горизонт"<br><br>ar a dtugtar freisin ОАО 'Н Холдинг'<br><br>ar a dtugtar freisin Группа компаний 'Горизонт' | Seoladh: S. Kovalevskaya Lane, 62, room 16, 220014, Mionsc, an Bhealarúis<br><br>An cineál eintitis: cuideachta sealbhaíochta<br><br>Uimhir chlárúcháin: 101050240<br><br>Dáta clárúcháin: 2010<br><br>Áit chlárúcháin: an Bhealarúis<br><br>Príomhionad gnó: Mionsc, an Bhealarúis<br><br>Teileafón: +375 (17) 226 36 01<br><br>Facs: +375 (17) 303 76 07 | Is cuideachta sealbhaíochta Bhealarúiseach é Horizont Holding. Tá Horizont Holding ar cheann de na gabháltais éagsúlaithe is mó agus is forbartha go dinimiciúil i bPoblacht na Bealarúise, agus gabhann raon leathan réimsí gnó leis. Rinneadh cur síos air mar cheann de thionscnaimh shuaitheanta de chuid thionscal Mhionsc. Tá tionscadail Horizont Holding á gcur chun feidhme de réir threoracha Aliaksandr Lukashenka.<br><br>Is cuid de Horizont Holding é ICT Horizont. Tá ICT Horizont ar cheann de na heintitis atá ar thús cadhnaíochta ó thaobh fhorbairt agus tháirgeadh leictreonaice speisialta i bPoblacht na Bealarúise. | [+]'. |

[+] IO: cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin cur chun feidhme seo.



PUBLIC

| | Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise) | Ainmneacha (An litriú Bealarúisise) (An litriú Rúisise) | Faisnéis Aitheantais | Na cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Ríomhphost: info@h-tv.by<br>Suíomh gréasáin: https://h-tv.by/, https://h-holding.by/<br>Eintitis chomhlachaithe: ICT Horizont<br>Daoine aonair comhlachaithe: Yuri Ivanovich Predko | Forbraíonn agus táirgeann an chuideachta earraí speisialta agus earraí dé-úsáide, mar shampla gléasanna físamhairc le haghaidh feithiclí armúrtha. Oibríonn ICT Horizont i gcomhar le hAireacht Cosanta Phoblacht na Bealarúise chun samhlacha trealaimh raoin a chruthú agus a nuachóiriú i gcomhréir leis na ceanglais a bhaineann le hoiliúint a chur ar fhoirmíochtaí agus ar aonaid mhíleata de chuid na bhFórsaí Armtha. | |

PUBLIC

| | Ainmneacha<br>(Traslitriú an litrithe Bealarúisise)<br>(Traslitriú an litrithe Rúisise) | Ainmneacha<br>(An litriú Bealarúisise)<br>(An litriú Rúisise) | Faisnéis Aitheantais | Na cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Ina theannta sin, glacann ICT Horizont páirt i gclár eolaíoch-teicniúil 'Intelavto' Stát Aontais na Rúise agus na Bealarúise, clár darb aidhm comhpháirteanna agus córais ardteicneolaíochta dhigiteacha agus leictreonacha a chruthú le haghaidh feithiclí iompair speisialta agus dé-úsáide. D'fhormheas Comhairle Airí Phoblacht na Bealarúise an clár.<br><br>Tacaíonn Horizont Holding, dá bhrí sin, le réimeas Lukashenka. Thairis sin, tá baint aige le ICT Horizont, ar cuid de choimpléasc míleata-tionsclaíoch na Bealarúise é, lena n-áirítear trí bheith rannpháirteach i bhforbairt teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata. | |

PUBLIC